

BARÚCH

Guí Aithríoch

Réamhrá

1 Is iad seo a leanas briathra an leabhair a scríobh Barúch, mac Néiria, mac Mhásaeiá, mac Zidiciá mac Hasaidia, mac Hilciá sa Bhablóin, ²ar an seachtú lá den mhí, cúig bliana tar éis do na Caidéigh Iarúsailéim a ghabháil agus a chur trí thine.

³Leigh Barúch an leabhar seo os ard i láthair Iacoiniá, mac Iahóiacaím, rí Iúdá, agus na ndaoine go léir a tháinig le chéile chun éisteacht leis, ⁴agus os comhair na móruaisle agus chlann mhac na ríthe agus na seanóirí agus an phobail go léir, idir óg agus aosta, is é sin le rá, i bhfianaise na ndaoine uile a raibh cónaí orthu sa Bhablóin, ar bhruacha na habhann Súd. ⁵Agus thosaigh siad ag caoineadh agus ag troscadh agus ag guí os comhair an Tiarna. ⁶Rinne siad bailiúchán airgid ansin, gach duine díobh ag tabhairt síntiúis uaidh de réir mar ab acmhainn dó, ⁷agus sheol siad go Iarúsailéim é go dtí an sagart Iahóiacaím, mac Hilciá, mac Shealúm, agus go dtí na sagairt eile agus go dtí na daoine go léir a bhí in éineacht leis in Iarúsailéim. ⁸Ag an am seo freisin, an deichiú lá de mhí Shíován, ghlac Barúch soithí theach an Tiarna, a tógadh as an Teampall tráth, agus thug sé leis ar ais iad



go tír Iúdá. B'iad seo na soithí airgid a chuir Zidiciá, mac Ióisiá, rí Iúdá, á ndéanamh, ⁹tar éis do Nabúcadnazar, rí na Bablóine, Iacoiniá agus na prionsaí agus na cimí agus na móruaisle agus cosmhuintir na tíre a bhreith leis ó Iarúsailéim chun iad a thabhairt go dtí an Bhablón.

¹⁰Tá airgead á chur chugaibh againn – ar siad. Leis an airgead seo ceannaigí ábhar íobairtí lándóite agus ofrálacha le haghaidh peacaí agus túis; déanaigí ofráil arbhair a sholáthar chomh maith; ofrálaigí iad ar altóir an Tiarna, ár nDia. ¹¹Guígí ar son Nabúcadnazar, rí na Bablóine, agus ar son Bhaltasar, a mhac, ionas go mbeidh a laethanta chomh buan leis na flaithis féin atá os cionn na talún. ¹²Mar sin, tabharfaidh an Tiarna neart dúinn agus soilseoidh sé ár súile agus mairfimid faoi scáth Nabúcadnazar, rí na Bablóine, agus faoi scáth Bhaltasar, a mhac, agus déanfaimid seirbhís dóibh ar feadh mórán laethanta agus doirtfidh siad a ngnaoi orainn.

¹³Guígí ar ár son-na freisin chun an Tiarna, ár nDia, mar pheacaíomar in aghaidh an Tiarna, ár nDia, agus go dtí an lá seo féin níor iompaíodh fraoch ná fearg an Tiarna uainn. ¹⁴Léifidh sibh an leabhar seo atá curtha chugaibh againn i dtreo go bhféadfar admháil peacaí a dhéanamh i dteach an Tiarna ar an bhféile agus ar laethanta cuí eile.

Admháil Ciontachta

¹⁵Déarfaidh sibh: Is ag an Tiarna atá an ceart; ach, mar is léir inniu, is cóir aghaidheanna, atá ar lasadh le náire, a bheith orainne: ar mhuintir Iúdá agus ar áitritheoirí Iarúsailéim, ¹⁶ar ár ríthe agus ar ár bprionsaí, ar ár sagairt agus ar ár bhfáithe agus ar ár



n-aithreacha. ¹⁷Óir, pheacaíomar in aghaidh an Tiarna; ¹⁸ní rabhamar umhal dó ná níor éisteamar le glór an Tiarna, ár nDia, d'fhonn go gcoimeádfaimis na haitheanta a leag sé orainn. ¹⁹Ón lá a threoraigh an Tiarna ár n-aithreacha amach as an Éigipt go dtí an lá atá inniu ann, bhíomar easumhal don Tiarna, ár nDia, agus le corp neamhshuime níor éisteamar lena ghlór. ²⁰Dá bharr sin, mar is léir anois, tá tubaistí á gcarnadh orainn mar aon leis an mallacht a rinne Maois, seirbhíseach an Tiarna, ar a ordu, an lá a threoraigh sé ár sinsir as an Éigipt chun tíre a bhfuil mil agus bainne ina slaoda inti, a thabhairt dúinn. ²¹Níor éisteamar, áfach, le glór an Tiarna a léiríodh dúinn i mbriathra uile na bhfáithe a chuir sé chugainn. ²²Is amhlaidh a lean gach duine dínna claonta a chroí mhallaithe; dá dheasca sin bhíomar umhal do dhéithe eile agus rinneamar gníomhartha arb olc leis an Tiarna iad.

2Mar sin de, chuir an Tiarna i gcrích an bhagairt a rinne sé inár n-aghaidh agus in aghaidh na mbreithiúna a rialaíodh Iosrael tráth, in aghaidh ár ríthe, in aghaidh ár móruaisle agus in aghaidh chosmhuintir Iosrael agus Iúdá; ²is amhlaidh a thug sé orainn anacraí géara nár cheadaigh sé a leithéid áit ar bith eile faoin spéir; de réir mar atá sé scríofa i ndlí Mhaois thit sé amach in Iarúsailéim ³gur ith duine amháin dínna feoil a mhic agus duine eile feoil a iníne; ⁴chuir an Tiarna iad faoi smacht na ríochtaí uile atá inár dtimpeall ionas go mbeidís ina n-ábhar aithise agus ainnise i measc na náisiún uile máguaird a raibh sé tar éis iad a scaipeadh iontu. ⁵In ionad iad a bheith i gceannas is é an chaoi a bhí siad faoi chois mar pheacaíomar in aghaidh an Tiarna nuair nár éisteamar lena ghlór.



⁶Is ag an Tiarna, ár nDia, atá an ceart; ach is léir inniu, is cóir aghaidheanna, atá ar lasadh le náire, a bheith orainne agus ar ár n-aithreacha. ⁷Na hanachana sin go léir a bhagair an Tiarna orainn, tháinig siad orainn. ⁸Mar sin féin, níor iarramar d'achainí ar an Tiarna gach duine dinn a iompú ó smaointe claona a chroí mhallaithe; ⁹ach bhí an Tiarna ag faire na faille orainn chun na hanacraí sin a thabhairt orainn; mar is cóir é an Tiarna maidir leis na horduithe uile a thug sé dúinn le comhlíonadh. ¹⁰Ach níor éisteamar lena glóir á rá linn maireachtáil de réir na n-aitheanta a leag sé orainn.

Impí

¹¹Agus anois, a Thiarna, a Dhia Iosrael, threoraigh tú do phobal amach as an Éigipt le láimh láidir agus le comharthaí agus le héachtaí, le fuinneamh mór agus le cuisle chumasach agus, mar is léir dúinn inniu, thuill tú clú duit féin dá bharrsan; ¹²ach, a Thiarna, a Dhia linn, pheacaíomar; bhíomar éagraífeach agus rinneamar an éagóir, gníomhartha a bhí in aghaidh do reachtanna uile. ¹³Go maolaítear uainn, áfach, do chuid feirge mar níl ach buíon bheag dinn fágtha i measc na náisiún ar scaip tú sinn iontu.

¹⁴Éist, a Thiarna, lenár nguí agus lenár n-achainí agus fuascail sinn ar son d'ainm agus deonaigh dúinn go mbeidh gnaoi na ndaoine a thug ar deoraíocht sinn orainn, ¹⁵ionas go mbeidh a fhios ag an domhan go léir gur tusa an Tiarna, ár nDia, de bhrí gur tugadh d'ainm ar Iosrael agus ar a shliocht. ¹⁶Dearc anuas, a Thiarna, ó d'áitreabh naofa agus cuimhnigh orainn; claon do chluas, a Thiarna, agus éist linn. ¹⁷Oscail do shúile agus féach orainn; mar ní hiad na mairbh atá in Háidéas a bhfuil an anáil imithe as a gcorp a



thabharfaidh glóir agus ceartseirbhís don Tiarna ¹⁸ach na daoine a mbíonn buaireamh an-mhór orthu agus a bhíonn ag gabháil timpeall agus iad cromtha síos go lagbhríoch agus radharc a súl ag meath agus iad stiúgtha leis an ocras; sin iad na daoine a thabharfaidh glóir duit agus a fhónfaidh duit go hionraic.

¹⁹Óir, ní mar gheall ar dhea-oibreacha ár n-aithreacha agus ár ríthe atáimid a iarraidh ort trócaire a dhéanamh orainn, a Thiarna, a Dhia linn. ²⁰Mar, tá tú tar éis fearg agus fraoch a ghlacadh linn de réir mar a d'fhógair tú trí bhéal do sheirbhíseach, na fáithe: ²¹“Is mar seo a labhraíonn an Tiarna,” ar siad, “cromaigí bhur nguailí agus déanaigí seirbhís do rí na Bablóine agus fanfaidh sibh sa tír a thug mé do bhur n-aithreacha. ²²Ach mura n-éistean sibh le glór an Tiarna á rá libh seirbhís a dhéanamh do rí na Bablóine, ²³cuirfidh mé ina thost guth an tsubhachais agus na lúcháire, glór an fhir nuaphósta agus na brídeoige i mbailte Iúdá agus in Iarúsailéim agus beidh an tír go léir ina fásach gan áitritheoirí.” ²⁴Ach níor éisteamar le do ghlór á rá linn seirbhís a dhéanamh. Mar sin de, chuir tú i gcric na briathra a labhair tú trí bhéal do sheirbhíseach, na fáithe; go dtógfaí amach as a n-ionad adhlactha cnámha ár ríthe agus ár n-aithreacha; ²⁵agus, féach, tá siad caite amach anois faoi bhrothall an lae agus faoi shioc na hoíche. Is amhlaidh a fuair siad bás le hanacraí uafásacha, le hocras, le faobhar an chlaímh agus le plá. ²⁶Agus an teach, ar tugadh d’ainm féin air, tá tú tar éis a chur sa riocht ina fheictear é inniu de dheasca urchóid theaghlach Iosrael agus theaghlach Iúdá.

²⁷Mar sin féin, a Thiarna, a Dhia linn, chaith tú linn de réir do cheansachta caoine agus do mhóthrócaire uile ²⁸faoi mar a d'fhógair tú trí bhéal do sheirbhísigh, Maois, nuair a d’ordaigh tú dó do dhlí a scríobh síos i láthair mhuintir Iosrael, á rá: ²⁹“Mura n-éistean



sibh le mo ghlór, déanfar buíon bheag den slua ábhalmhór seo i measc ha náisiún a scaipfidh mé iontu iad. ³⁰Óir, is eol dom nach n-éistfidh siad liom mar is ceandána an pobal iad. Ach i dtír a ndeoraíochta béarfaidh siad ar a gciall ³¹ agus tuigfidh siad gur mise an Tiarna, a nDia. Agus tabharfaidh mé dóibh croí géilliúil agus cluasa aireacha; ³² agus molfaidh siad mé i dtír a ndeoraíochta agus tabharfaidh siad m'ainm chun chuimhne ³³ agus iompóidh siad óna stuacacht agus óna ndrochghníomhartha; mar cuimhneoidh siad ar shlite a n-aithreacha a pheacaigh in aghaidh an Tiarna; ³⁴ agus treoróidh mé arís iad isteach sa tír a gheall mé de bhrí na mionn dá n-aithreacha, d'Abrahám, agus d'Íosác agus d'Iacób agus rialóidh siad é; agus cuirfidh mé lena líon agus ní thiocfaidh laghdú ar bith orthu. ³⁵ Déanfaidh mé conradh síoraí ³⁶ leo sa chaoi go mbeidh mise i mo Dhia acusan agus go mbeidh siad ina bpobal agamsa. Agus ní dhíbreoidh mé mo phobal Iosrael choíche arís as an tír a thug mé dóibh.”

3 A Thiarna uilechumhachtaigh, a Dhia Iosrael, is anam buartha agus spiorad inníoch atá ag éamh ort. ² Éist, a Thiarna, agus déan trócaire orainn, mar gur pheacaíomar i d'aghaidh. ³ Óir, bíonn tusa i do shuí ar do chathaoir ríoga i gcónaí ach bímidne ag meath gan stad. ⁴ A Thiarna uilechumhachtaigh, a Dhia Iosrael, éist anois le guí mhuintir mharbh Iosrael agus chlann mhac na ndaoine a pheacaigh i d'aghaidh; níor éist siadsan le glór an Tiarna, a nDia, agus carnadh tubaistí orainne dá bharrsan. ⁵ Ná cuimhnigh ar chuireanna ár n-aithreacha ach i láthair na huaire seo cuimhnigh ar do chumhacht agus ar de chlú féin. ⁶ Óir, is tú an Tiarna, ár nDia, agus molaimid thú, a Thiarna. ⁷ Is chuige seo a chuir tú eagla ar ár gcroíthe romhat: go nglaofaimis ar d'ainm; molaimid thú le linn ár



ndeoraíochta mar dhíbríomar urchóid ár sinsear a pheacaigh i d'aghaidh, ónár gcroíthe.
⁸Féach orainn inniu agus sinn ar deoraíocht sa tír ar scaip tú inti sinn le go ndéanfaí sinn a mhaslú agus a mhallú agus a smachtú mar gheall ar choireanna uile ár n-aithreacha a thréig an Tiarna, ár nDia.

Adhmfholadh na hEagna

Ba é Tréigean na hEagna Bunúdar na Deoraíochta

- ⁹Éist, a Iosrael, le haitheanta na beatha;
 tabhair cluas d'fhonn an chríonnacht a fhoghlaim.
- ¹⁰Cén fáth, a Iosrael, cén fáth
 a bhfuil tú ag lonnú i dtír do naimhde
 agus ag dul in aois i dtír iasachta?
- ¹¹Cén fáth ar truaillíodh ag na mairbh thú
 agus ar áiríodh thú orthu siúd
 a théann síos go Háidéas?
- ¹²Toisc gur thréig tú tobar na heagna.
- ¹³Dá mbeitheá tar éis slí an Tiarna a leanúint
 bheitheá ag maireachtáil sa tsíocháin de shíor.
- ¹⁴Foghlaim cá bhfuil an chríonnacht
 agus an chumhacht agus an tuiscint,



chun a fháil amach ag an am céanna
 cá bhfuil fad saoil agus an bheatha
 agus solas don tsúil agus an tsíocháin.

Ní Furasta Teacht ar an Eagna

- ¹⁵ Cé a fuair amach riamh áitreabh na heagna?
 Cé a chuaigh isteach ina stórais riamh?
- ¹⁶ Cá bhfuil ceannairí na gciníocha
 agus ceansaitheoirí ainmhithe na cruinne?
- ¹⁷ Cá bhfuil foghlaeirí éanlaith an aeir
 agus lucht taiscthe airgid agus óir –
 nithe a gcuireann daoine a muinín iontu –
 ar dream iad nach bhfuil ríochan lena saibhreas.
- ¹⁸ Cá bhfuil na gaibhne geala
 a oibríonn chomh cúramach sin
 nach bhfuil cur síos ar ealaíontacht a saothair?
- ¹⁹ Tá siad go léir téaltaithe leo
 agus imithe síos go Háidéas
 agus tá dream eile tar éis éirí suas ina n-áit.
- ²⁰ Tháinig glúin níos óige ar an saol,
 agus d'áitriugh siad an tír ina ndiaidh;
 ach níorbh fhios dóibh ach oiread slí an eolais;



- ²¹ ná níor thug siad aird ar a bealaí
 ná ní raibh siad gafa léi chor ar bith;
 is amhlaidh a d'imigh a gclann mhac
 i bhfad ar fán óna bealach.
- ²² Níor chualathas trácht uirthi i gCanán;
 ná ní fhacthas í i dTéamán.
- ²³ Fiú amháin sliocht Ágar
 a bhíonn ar thóir na tuisceana ar an talamh,
 agus trádálaithe [Mhidián] agus Théamán
 agus na seanchaithe agus lucht cuardaithe an eolais,
 níor aimsigh siad slí na heagna
 ná níor chuimhin leo a bealaí.
- ²⁴ A Iosrael, nach mór go deimhin é teach Dé!
 Nach fairsing é a fhearannas!
- ²⁵ Is leathan é go deimhin
 agus níl aon teorainn leis;
 is ard é chomh maith
 agus tá sé dothomhaiste.
- ²⁶ Is ann a gineadh na fathaigh cháiliúla,
 a bhí ann anallód –
 fír a bhí an-ard agus oilte i gcúrsaí cogaidh.



- ²⁷ Níorbh iad siúd a thogh Dia,
ná ní dóibh a thaispeáin sé slí an eolais.
- ²⁸ Bascadh iad toisc gan bua na tuisceana a bheith acu;
díothaíodh iad mar gheall ar a ndíth céille.
- ²⁹ Cé a chuaigh suas ar neamh
chun breith uirthi
agus chun í a thabhairt anuas chugainn
ó na néalta?
- ³⁰ Cé a chuaigh thar lear chun í a fháil
agus a cheannach ar thogha an óir?
- ³¹ Ní eol d'aon duine an tslí chuici
ná ní mian le duine ar bith
an bealach chuici a leanúint.

Dia a Bhronn an Eagna ar Iosrael

- ³² Ach an té arb eol dó gach uile ní,
is aithnid dósan í.
Chuir sé eolas uirthi de thoradh a ghaoise.
An té a chóirigh an chruinne
chun go mbeadh sí ann go deo,
líon sé le hainmhithe ceathairchosacha í.



³³ Seolann sé an solas uaidh féin amach
 agus imíonn sé leis;
 b'eisean a ghlaoigh air;
 agus ghéill an solas dó le teann eagla.

³⁴ Shoilsigh na réaltaí ina n-ionaid faire
 agus rinne siad gairdeas.

³⁵ Ghlaoigh sé orthu
 agus d'fhreagair siad: “Anseo sinn!”
 Thug siad solas uathu go lúcháireach
 don té a chruthaigh iad.

³⁶ Eisean ár nDia;
 níl aon dia eile ann
 atá inchomórtais leis.

³⁷ Fuair sé amach slite uile na gaoise
 agus thaispeáin sé do Iacób, a sheirbhíseach, iad
 agus do Iosrael, grá geal a chroí.

³⁸ Ina dhiaidh sin, chonacthas ar an talamh í
 agus mhair sí i measc na hÁdhamhchlainne.

4 Is ise leabhar aitheanta Dé
 agus an dlí a mhaireann go deo.
 Mairfidh a gcoinneoidh greim uirthi;
 éagfaidh a dtréigfidh í.



Aitheasc

- ² Iompaigh, a Iacóib, agus beir uirthi;
ar aghaidh leat i dtreo na loinnreach
in airicis a cuid solais.
- ³ Ná tabhair do ghradam d'aon duine eile;
ná bronn do phribhléidí ar chine coimhthíoch.
- ⁴ Is méanar dúinne, a Iosrael,
mar is eol dúinn
na nithe atá taitneamhach le Dia.

Gríosadh agus Sólású

Labhraíonn Iarúsailéim lena Clann Féin agus Lena Comharsana

- ⁵ Bíodh misneach agaibh, a phobal liom,
a shéadchomhartha Iosrael!
- ⁶ Ní chun go ndíothófaí sibh
a díoladh leis na náisiúin sibh;
is amhlaidh a tugadh ar láimh do bhur naimhde sibh
toisc gur chuir sibh fearg ar Dhia.



⁷ Óir chuir sibh bhur gcruthaitheoir le buile
toisc nach do Dhia ach do dheamhain
a rinne sibh íobairtí.

⁸ Lig sibh i ndíchuimhne
an Dia síoraí a chruthaigh sibh
agus thairis sin chuir sibh brón
ar Iarúsailéim, bhur mbuime.

⁹ Óir chonaic sí go raibh fearg Dé
tar éis éirí in bhur gcoinne agus dúirt sí:

Éistigí, a chomharsana Shíón;
tá Dia tar éis buairt mhór a chur orm.

¹⁰ Óir chonaic mé mo mhacra agus m'iníonra
á seoladh uaim ina mbraighdeanaigh chogaidh –
pionós a ghearr an Neach Síoraí orthu.

¹¹ Thóg mé iad go lúcháireach
ach is faoi bhrón agus faoi bhuairt
a b'éigean dom iad a ligean uaim.

¹² Ná bíodh sé ina ábhar áthais ag aon duine
mise a bheith i mo bhaintreach
agus mé fágtha liom féin ag cách;
tréigeadh mé de dheasca peacaí mo chlainne;



óir chlaon siad ó dhlí Dé.

¹³ Níorbh eol dóibh a reachtanna;
níor shiúil siad ar bhóithre aitheanta Dé
ná níor lean siad bealaí teagaisc a fhíríantachta.

¹⁴ Tagadh comharsana Shíón anseo;
cuimhníí ar bhraighdeanas mo mhacra agus m'íníonra,
a ghearr an Neach Síoraí orthu mar phionós.

¹⁵ Óir scaoil sé ina n-aghaidh
náisiún a tháinig ó i bhfad i gcéin,
náisiún mínáireach, a labhair teanga choimhthíoch,
nár thug urraim do sheandaoine
agus nach raibh trua aige do leanaí óga,

¹⁶ agus a thug chun siúil macra muirneach na baintrí
agus a d'fhág ina haonar í i bhfad óna hiníonra.

¹⁷ I dtaca liomsa de, áfach,
conas is féidir dom cabhrú libh?

¹⁸ Óir, an té a scaoil na hanacraí anuas oraibh,
sciobfaidh sé ó lámha bhur naimhde sibh.

¹⁹ Imíí libh, a chlann ó, imíí;
mar táimse fágtha anseo i m'aonar.



- ²⁰ Bhain mé róba na síochána díom
agus chuir mé éadach róin an impígh orm;
beidh mé ag glaoch ar an Neach Síoraí
fad a bheidh mé beo.
- ²¹ Bíodh misneach agaibh, a chlann ó!
Glaoigí ar Dhia!
Eisean a sciobfaidh sibh ón ansmacht
agus ó lámha bhur naimhde.
- ²² Óir is as an Neach Síoraí atá mo dhóchas
go sábhálfar sibh;
mar líon an tAon Naofa, bhur Slánaitheoir Síoraí,
mo chroí le háthas de bharr na trócaire
a dhéanfar oraibh ar ball beag.
- ²³ Óir, sheol mé amach uaim sibh
faoi bhrón agus faoi bhuairt;
ach tabharfaidh Dia ar ais dom sibh
le háthas agus le lúcháir a mhairfídh go deo.
- ²⁴ Amhail mar a chonaic áitritheoirí Shíón
bhur mbraighdeanas anois beag,
sin mar a fheicfidh siad gan mhoill
an tarrtháil a dhéanfaidh bhur nDia oraibh,



tarrtháil a dhéanfar oraibh

le mórghlóir agus le niamhracht an Neach Shíoraí.

²⁵ Cuirigí suas go foighneach, a chlann ó,

leis an racht feirge

a lig Dia amach in bhur n-aghaidh.

Tá bhur naimhde tar éis teacht suas libh

ach ar ball beag feicfidh sibh

iad á mbascadh agus satlóidh sibh ar a muiníl.

²⁶ Tá mo pheataí tar éis bóithre garbha a ghabháil;

tógadh chun siúil iad

mar thréad a ndearna an namhaid foghail air.

²⁷ Músclaigí bhur misneach, a chlann ó;

agus glaoigí ar Dhia.

Óir, an té a tharraing an tubaiste seo oraibh,

ní ligfidh sé i ndíchuimhne sibh.

²⁸ Faoi mar a bhí sé ar intinn agaibh

dul ar seachrán ó Dhia,

casaigí ar ais anois

agus lorgaigí é le barr bhur ndíchill.

²⁹ Óir, an té a tharraing na hanacraí anuas oraibh,

tabharfaidh sé aoibhneas síoraí daoibh,

nuair a shábhálfaidh sé sibh.



Tugtar Sólás do Iarúsailéim

- ³⁰ Bíodh misneach agat, a Iarúsailéim.
An té a thug d'ainm duit,
is é a ghríosann thú.
- ³¹ Is mairg dóibh siúd a thug drochíde ort
agus arb ábhar áthais dóibh do thurnamh.
- ³² Is mairg do na cathracha
a raibh do chlann ina sclábhaithe acu.
is mairg freisin don chathair úd
a ghlac le do mhacra.
- ³³ Óir, faoi mar ab ábhar áthais di do thurnamh
agus gur bhain sí taitneamh as do léirscrios,
sin mar a bheidh sí trombhuartha
mar gheall ar a bánú féin.
- ³⁴ Bainfidh mé di an cómhaíomh
a dhéanann sí as oll-líon a daonra
agus déanfar dólás dá díomas.
- ³⁵ Fearfaidh an Neach Naofa tine anuas uirthi
ar feadh mórán laethanta
agus beidh deamhain ina gcónaí inti
go ceann i bhfad.



³⁶ Breathnaigh soir, a Iarúsailéim,
go bhfeice tú an t-aoibhneas
atá ag teacht chugat ó Dhia.

³⁷ Féach! An macra a chonaic tú ag imeacht uait,
tá siad ag filleadh agus iad bailithe le chéile
ar ordú an Neach Naofa
agus ag déanamh lúcháire faoi ghlóir Dé.

5 Bain díot, a Iarúsailéim,
do róba dobróin agus ainnise
agus bíodh niamhracht ghlóir Dé
á caitheamh agat go brách.

² Cóirigh thú féin faoi bhrat na fíréantachta
a thagann ó Dhia;
cuir ar do cheann coróin ghlóir an Neach Shíoraí.

³ Óir taispeánfaidh Dia do bhreáthacht
do gach náisiún faoin spéir.

⁴ Is é an t-ainm a thabharfaidh Dia ort feasta:
An tSíocháin a Ghineann an Fhíréantacht,
An Ghlóir a Eascraíonn ón gCráifeacht.

⁵ Éirigh, a Iarúsailéim, agus seas ar na harda
agus breathnaigh soir, go bhfeice tú do chlann



agus iad bailithe le chéile anoir agus aniar,
 ar ordú an Neach Naofa
 agus iad ag déanamh lúcháire
 de bhrí go bhfuil Dia tar éis cuimhneamh orthu.

⁶ Óir, d'imigh siad amach uait de shiúl a gcós
 agus iad á dtiomáint ag a naimhde.
 Ach tá Dia á dtabhairt ar ais chugat
 agus iad á n-iompar go glórmhar
 mar fhilatha ríoga.

⁷ Mar tá Dia tar éis ordú a thabhairt
 go n-ísleofaí gach cnoc ard agus na sléibhte síoraí,
 agus go líonfaí isteach na gleannta, ina machaire réidh,
 chun go bhféadfadh Iosrael siúl go sábháilte slán faoi ghlóir Dé.

⁸ Tabharfaidh na coillte agus gach crann cumhra
 scáth d'Iosrael ar ordú Dé.

⁹ Óir treoróidh Dia Iosrael go lúcháireach
 agus leis an trócaire agus leis an ionracas
 is dual dó.

Litir Irimia

6 Cóip den litir a chuir Irimia chucusan a raibh rí na mBablónach ar tí iad a thabhairt go dtí an Bhablóin ina gcimí, chun an teagasc a fuair sé ó Dhia a fhógairt dóibh:



²De dheasca na bpeacaí a rinne sibh in aghaidh Dé tabharfaidh Nabúcadnazar, rí na mBablónach, sibh in bhur gcimí go dtí an Bhablóin. ³Nuair a bhainfidh sibh an Bhablóin amach, mar sin, fanfaidh sibh ann ar feadh mórán blianta, go ceann i bhfad, suas le seacht nglúin; ach ina dhiaidh sin tabharfaidh mé amach as an áit sin sibh faoi shíocháin. ⁴Anois, sa Bhablóin feicfidh sibh déithe atá déanta d'airgead agus d'ór agus d'adhmaid a bhíonn á n-iompar ar ghuailí daoine agus a chuireann eagla ar na gintlithe. ⁵Mar sin de, seachnaí gí le nach mbeadh sibhse freisin cosúil leis na hallúraigh i ngach slí agus go dtiocfadh eagla na ndéithe seo oraibh, nuair a fheicfidh sibh ollslua daoine rompu amach agus ina ndiaidh ag tabhairt ómóis dóibh. ⁶Ach abraí gí in bhur gcróí: Is tú amháin, a Thiarna, a chaithfimid a adhradh. ⁷Óir tá m'aingeal in bhur dteannta agus is eisean a bhíonn ag tabhairt aire do bhur n-anamacha.

⁸Ceardaí éigin a dhealbhaigh a dteangacha agus tá siad maisithe le hór agus le hairgead; ach is bréagach iad agus ní féidir dóibh labhairt. ⁹Faightear ór agus déantar corónacha de le cur ar chinn na ndéithe seo mar a dhéanfa do chailín a bheadh tugtha don ghalántacht. ¹⁰Ach uaireanta, tarlaíonn sé go mbaineann na sagairt an t-ór agus an t-airgead dá ndéithe chun iad a chaitheamh orthu féin; ¹¹fiú amháin, tugann siad cuid de do na striapacha a chónaíonn sna seomraí cúil. Na déithe seo atá déanta d'airgead agus d'ór agus d'adhmaid cuirtear baill éadaigh orthu faoi mar ba dhaoine iad ¹²ach ní féidir dóibh iad féin a dhíonadh ar mheirg nó ar chreimeadh d'ainneoin na róbaí corcra a chuirtear orthu. ¹³Thairis sin, caithfear a n-aghaidheanna a ghlanadh ó luaitheach an teampaill a bhíonn ina luí orthu go trom. ¹⁴Bíonn slat ag an dia amhail mar a bhíonn ag breitheamh cúige ach ní féidir dó aon duine a dhéanann éagóir air a dhíothú. ¹⁵Ina láimh



dheis bíonn miodóg agus tá tua aige freisin ach ní thig leis é féin a chosaint ar chogadh agus ar robálaithe. ¹⁶Is léir uaidh sin nach déithe iad; mar sin de, ná bíodh eagla oraibh rompu.

¹⁷Nuair a bhristear soitheach éigin ar dhuine, ní bhíonn aon mhaitheas ann dó feasta; is é an dála céanna é ag déithe na ngintlithe a bhíonn ina suí ina dteampaill. Óir bíonn a súile lán de luaithreach a thógann cosa na ndaoine a théann isteach iontu. ¹⁸Agus faoi mar a dhúntar na doirse ar gach taobh ar dhuine atá tar éis éagóir a dhéanamh ar rí agus atá faoi bhreith báis dá bharr, mar an gcéanna daingníonn na sagairt a dteampaill le doirse agus le glais agus le barraí le heagla go ndéanfadh robálaithe iad a chreachadh. ¹⁹Lasann siad níos mó lampaí do na déithe ná dóibh féin cé nach féidir dóibh sean aon cheann díobh a fheiceáil. ²⁰Is ionann [na déithe] seo agus ceann de bhíomaí an teampaill; deirtear go mbíonn a gcroíthe á gcreimeadh ag na seangáin bhána a thagann aníos as an talamh agus a itheann iad agus a gcuid éadaigh. ²¹Nuair a dhubhaíonn deatach an teampaill a n-aghaidheanna, ní thugann siad faoi deara é. ²²Bíonn sciatháin leathair agus fainleoga agus éin eile agus go fiú na cait ag tuirlingt ar a gcoirp agus ar a gcinn. ²³Beidh a fhios agaibh uaidh sin nach déithe iad; mar sin de, ná bíodh eagla oraibh rompu.

²⁴Maidir leis an ór a chuirtear umpu mar mhaise, mura gcuimlítear an smál de, ní bheidh siad ag glioscarnach; óir, fiú nuair a bhítí á dteilgean, níor mhothaigh siad dada.

²⁵Is ar an luach is airde a cheannaítear iad; mar sin féin, ní bhíonn dé dá laghad iontu.

²⁶Ós rud é nach bhfuil cosa acu, caithfear iad a iompar ar ghuailí daoine – rud a thaispeánann a n-éadairbhe do chách. ²⁷Thairis sin, cuirtear náire orthu siúd a dhéanann freastal orthu; óir, aon uair a thiteann ceann de na déithe ar lár, ní féidir dó éirí as a



stuaim féin; rud eile, má chuirtear ceann díobh ina sheasamh, ní féidir dó corraí; agus má chuirtear leath stuaic ar cheann díobh, ní féidir dó é féin a dhíriú. Dá ainneoin sin uile cuirtear bronntanais os a gcomhair faoi mar a chuirtear os comhair na marbh. ²⁸ Díolann na sagairt na hofrálacha a bhronntar ar na déithe agus caitheann siad an t-airgead orthu féin; ar an gcuma chéanna déanann a mná céile cuid díobh a shailleadh ach ní roinneann siad aon bhlúire díobh ar an mbocht nó ar an lag. ²⁹ Mná atá ag cur a gcuid fola míosta agus iad siúd freisin atá tar éis éirí as leaba luí seoil, ligtear dóibh a lámha a leagan ar na hofrálacha seo chomh maith. Mar sin de, ós eol daoibh ó na nithe seo nach déithe iad, ná bíodh eagla oraibh rompu.

³⁰ Óir, cén fáth a nglaofaí déithe orthu, ós rud é go leagann mná béilí roimh na déithe seo airgid agus óir agus adhmaid? ³¹ Thairis sin, bíonn na sagairt ina suí ina dteampaill agus a gclócaí sractha acu agus a gcinn agus a bhféasóga bearrtha agus iad ceann-nochta; ³² bíonn siad ag béicíl agus ag liúireach os comhair a ndéithe faoi mar a dhéantar ag tórramh marbháin. ³³ Ardaíonn na sagairt cuid d'éadach na ndéithe leo agus gléasann siad a mná céile agus a bpáistí leis. ³⁴ Cibé acu comaoin nó drochchomaoin a chuirtear orthu, ní féidir dóibh í a chúiteamh. Ní mó ná sin is féidir dóibh rí a chur i réim nó a bhriseadh. ³⁵ Ar an gcuma chéanna ní féidir dóibh maith nó maoin a thabhairt uathu ach má thugann aon duine móid ach nach gcomhlíonann sé í, ní éileoidh siad cúiteamh air. ³⁶ Ní féidir dóibh duine a shaoradh ón mbás nó an lag a chosaint ar an láidir. ³⁷ Níl sé ar a gcumas ach oiread radharc na súl a thabhairt don dall nó an duine atá ar an anás a shábháil. ³⁸ Ní ghlacann siad trua don bhaintreach ná ní dhéanann siad déirc ar an dílleachta. ³⁹ Na hearraí adhmaid seo atá plátáilte le hór agus le hairgead, is cosúil iad le clocha sléibhe



agus náireofar a lucht freastail. ⁴⁰Dá bhrí sin, conas a d'fhéadfadh aon duine a cheapadh nó á rá gur déithe iad?

⁴¹Thairis sin, fiú amháin na Caildéigh féin, tarraingíonn siad míchlú orthu; mar, nuair a fheiceann siad balbhán nach féidir dó labhairt go soiléir, tugann siad leo é agus iarrann siad ar Bhéil bua na cainte a thabhairt dó amhail is go bhféadfadh Béil iad a thuiscint.

⁴²Ní thig leo baois an iompair sin a aithint agus na híola a thréigean dá bharr, mar níl aon chumas tuisceana acu féin. ⁴³Bíonn mná, agus téada aniar thar a gcoim acu, ina suí sna sráideanna agus iad ag dó brain mar thúis; agus nuair a thugann ceann de na fir a bhíonn ag dul thart bean éigin díobh leis chun luí léi, maslaíonn sise an bhean is gaire di de bhrí nach raibh sí chomh tarraingteach léi féin agus nár briseadh a téadsan. ⁴⁴Gach uile rud a dhéantar ar son na n-íol seo is bréagach é. Dá bhrí sin, conas a d'fhéadfadh aon duine a cheapadh nó á rá gur déithe iad.

⁴⁵Saoir adhmaid agus gaibhne buí a dhéanann iad; mar sin de, ní bhíonn aon chruth eile orthu seachas an ceann is mian leis na ceardaithe a bheith orthu. ⁴⁶Na daoine a dhéanann iad, ní ró-fhada a mhairfidh siad féin; dá bhrí sin, conas a d'fhéadfadh déantús a lámh a bheith ina ndéithe? ⁴⁷Níor fhág siad ag na glúine a thiocfaidh ina ndiaidh ach bréaga agus ábhar aithise. ⁴⁸Nuair a bhuaileann cogadh agus cruatan na déithe seo, is iad na sagairt a chaithfidh comhairle a ghlacadh le chéile faoi cén áit a rachaidh siad i bhfolach leo. ⁴⁹Mar sin de, conas a d'fhéadfaí a cheapadh gur déithe iad is a rá nach féidir dóibh iad féin a shaoradh ó chogadh nó ó chruatan? ⁵⁰Ós rud é go bhfuil siad déanta d'adhmaid agus plátáilte le hór agus le hairgead, tuigfear níos déanaí gur bréagach iad; ⁵¹beidh sé soiléir do na náisiúin agus do na ríthe uile nach déithe iad ach déantús lámh daoine agus nach



bhfuil rian de chumas ceardaíochta Dé acu. ⁵²Dá bhrí sin an bhfuil aon duine ann nach eol dó nach déithe iad?

⁵³Óir ní féidir dóibh rí a cheapadh do thír ar bith ná báisteach a thabhairt do dhaoine, ⁵⁴Ní fhéadann siad ach oiread a gcás féin a agairt le daoine nó duine ar bith a fhuascailt ón éagóir, mar níl cumhacht dá laghad acu; óir is cuma nó cága idir neamh agus talamh iad, ⁵⁵Má théann teampall na ndéithe seo atá clúdaithe le hór nó le hairgead trí thine, éalóidh a gcuid sagart as slán ach déanfar luaith de [na déithe féin] mar bhíomaí adhmaid.

⁵⁶Thairis sin, níl ar a gcumas cur in aghaidh rí ná naimhde. Dá bhrí sin, conas a d'fhéadfadh aon duine a admháil nó a cheapadh gur déithe iad?

⁵⁷Déithe adhmaid atá clúdaithe le hairgead agus le hór, ní féidir dóibh iad féin a shábháil ó ghadaithe nó ó ropairí. ⁵⁸Bainfidh lucht an fhornirt an t-ór agus an t-airgead díobh, agus ardóidh siad leo an éide a chaitheann siad umpu agus gan é a bheith ar chumas na ndéithe cabhrú leo féin. ⁵⁹Dá thairbhe sin, is fearr an rí a thaispeánann a chuid fearúlachta, nó an soitheach áisiúil tí a fhónann go maith don té ar leis é ná na déithe bréagacha seo; go fiú an doras tí a choinníonn a bhfuil laistigh de slán, is fearr é ná na déithe bréagacha seo; an colún adhmaid atá istigh sa phálás is fearr é chomh maith ná na déithe bréagacha seo.

⁶⁰Dar ndóigh, tugann an ghrian agus an ghealach agus na réaltaí solas uathu agus nuair a sheoltar amach iad chun fónamh do dhaoine géilleann siad. ⁶¹Mar an gcéanna, nuair a bhladhmann an tintreach feictear mórthimpeall í; is é an dála céanna ag an ngaoth é; séideann sí i ngach uile thír. ⁶²Nuair a ordaíonn Dia do néalta taisteal os cionn an domhain go léir, déanann siad rud air. ⁶³An tine chomh maith a chuirtear anuas ón spéir



chun sléibhte agus coillte a loscadh, comhlíonann sí a n-ordaítear di a dhéanamh. Ach níl na híola seo inchomórtais leo siúd i gcruth ná i gcumhacht. ⁶⁴Mar sin de, níl sé ceart a cheapadh gur déithe iad ná an t-ainm sin a thabhairt orthu; mar ní féidir dóibh breithiúnas a thabhairt ná maitheas ar bith a dhéanamh do dhaoine. ⁶⁵Ós eol daoibh, mar sin, nach déithe iad, ná bíodh eagla oraibh rompu.

⁶⁶Óir ní fhéadann siad ríthe a mhallú nó a bheannú; ⁶⁷ná comharthaí a dhéanamh sa spéir do na náisiúin faoi mar a thaitníonn an ghrian agus mar a thugann an ghealach solas uaithi. ⁶⁸Is fearr na hainmhithe allta ná iad mar is féidir dóibh éalú leo ar foscadh chun iad féin a shábháil. ⁶⁹Mar sin de, níl oiread na fríde d'fhianaise ann gur déithe iad; dá bhrí sin, ná bíodh aon eagla oraibh rompu.

⁷⁰Amhail mar nach dtugann taibhse préachán i gceapach cúcamar cosaint ar bith, sin mar a bhíonn sé ag na déithe adhmaid seo atá clúdaithe le hór agus le hairgead. ⁷¹Mar an gcéanna, na déithe adhmaid úd atá clúdaithe le hór agus le hairgead, tá siad cosúil le sceach i ngairdín ar a suíonn na héin go léir nó le corpán a caitheadh amach sa dorchadas. ⁷²Is léir ó na héidí corcra agus lín a bhíonn ag lobhadh orthu nach déithe iad; creimfear iad féin ar deireadh thiar agus beidh siad ina gceap magaidh sa tír.

⁷³Is fearr, mar sin, an duine macánta nach bhfuil aon íola aige; ní móide go dtabharfar tarcaisne dó choíche.

